

BEALACH NA SPÁINNEACH

Liam Mac Cóil

An Chéad Eagrán 2019
© Liam Mac Cóil 2019

ISBN 978-1-911363-17-0

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Íomhá ar leathanach 3 ó *La Scherma* le Francesco Alfieri (1640)

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht airgid do Leabhar Breac

*Tá an t-údar buíoch d'Fhoras na Gaeilge as an gcoimisiún
a bhronn siad air agus é i mbun pinn.*

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

I

Ulterior Portus

Beirt agus iad ag labhairt go híseal. Beirt bhan a cheapann sé, agus iad gar dó. An bhfuil siad in aon seomra leis? Tá siad á mhealladh aníos. As an duibheagán. Cén teanga atá á labhairt acu? Rinne sé iarracht é sin a oibriú amach ach bhí an iarracht ródhian. Thit sé siar arís, isteach san aibhéis dhorcha.

Bhí an leaba compordach bog. D'airigh sé sin an dara huair a dhúisigh sé. Í domhain amhail is go raibh sí ag iarraidh é a choinneáil síos i ríocht aduain ollsásúil. Rinne sé iarracht fanacht ina dhúiseacht agus éisteacht. Bhí na glórtha céanna ann arís; go híseal i gcónaí. Bhí cailín óg ann, glór séimh aici, ach callánach. Bhí bean níos sine ann, glór níos doimhne aici. Siúr, a dúirt sí. Tos siúr. Ach arís ní raibh sé in ann ag an iarracht.

Is in aice leis a bhí an glór callánach an triú huair a chuala sé é.
'Sailú meath fiú.'

Níor thuig sé aon fhocal dár dhúirt sí. D'oscail sé a shúile. Bhí sé dorcha. Ach chonaic sé naprún bán. D'fhéach sé suas agus chonaic aghaidh phlucach dhearg cailín óg sna déaga, lasta ag solas buí choinneal fáideoige. Rinne sí gáire anuas leis agus labhair go mall cúramach.

'Ea dan,' ar sise.

Lean sí uirthi ag breathnú anuas, an fháideog ina lámh aici. Bhog sí an fháideog níos gaire dá aghaidh agus labhair arís go séimh.

'*Vos êtes éveillée.* Tos siúr.'

Dhún sé a shúile. Ar an solas agus ar an mboladh. Ach thuig sé an focal Fraincise. Agus 'tos siúr'? *Trois jours*. Trí lá. Bhí an chaint aici áit éigin idir a teanga aduain féin agus an teanga a raibh taithí aige uirthi mar Fhraincis ó bheith á labhairt le Jacques Brochard i nGaillimh. D'oscail sé a shúile arís agus labhair an cailín.

'*Mon Dieu. Écanillè.* Tos jours apreú.'

Rinne sé sár-iarracht labhairt ar ais léi. Bhí an chuma air go raibh sé ina dhúiseacht i gceart anois.

'Ou...,' ar seisean.

Rinne sé iarracht a uillinneacha a bhrú faoi agus é féin a dhíriú sa leaba. D'airigh sé pian ghéar ar thaobh a chloiginn.

‘Arrêtez. Vos êtes cor malatte. Píce bhais.’

B'iontach mar a bhí cuid dár dhúirt an cailín chomh soiléir agus an chuid eile ina dhuibhilitir dhorcha.

‘Siúiseat calme.’

‘Ou...’

Ach níor fhan an cailín le héisteacht leis. D'iompaigh ar a sála agus d'imigh léi.

‘Man, man,’ a scread sí. ‘Il cada sae cainié. Man, man, il cada sae cainié.’

Bhí ciúnas beag ann gur chuala sé glór eile áit éigin eile sa teach. Ansin chuala sé an bheirt acu ag teacht isteach sa seomra. Bhí beirt bhan ina seasamh le hais na leapa. D'oscail sé a shúile an athuir. An cailín óg sna déaga agus a máthair, í seo cruinn íseal mar a chéile, orlach amháin d'airde aici ar a hiníon. Bhí fáideog ina lámh ag an máthair freisin, agus chonaic Lúcas leagan níos sine den aghaidh chruinn phlucach faoi chaipín bán stairseáilte.

‘Calmez vous, jeune homme,’ ar sise i bhFraincis nach raibh aon deacracht ag Lúcas a thuiscint: glac suaimhneas; tá gach rud i gceart; tá tú sábháilte. ‘Vos etes sauf.’

Nuair a chuala Lúcas sin tháinig mar a bheadh tonn mhór tuirse arís air, lig dá ghuaillí géilleadh do bhoige na bpiliúr agus thit sé siar isteach arís i mboige agus i gcompord codlatach na leapa. Bhí sé slán.

An ceathrú huair a dhúisigh sé ba de bharr na gréine é. Bhí taobh dheas a chloiginn ina luí ar na piliúir arda bhoga. D'oscail sé a shúile agus chonaic an solas ag tuilleadh isteach ar claon trí fhuinneog bheag trasna ón leaba. Thuig sé anois go raibh sé ina luí ar an taobh sin mar go raibh pian mhaol ina chloigeann ar an taobh eile.

In aice na fuinneoige, bhí bord caol ard agus crúiscín mór odhar air. Bhí babhla leathan den dath odhar céanna in aice leis an gcrúiscín. Chuala sé coileach ag glaoch lasmuigh. Ba chuimhin leis na mná a bheith le hais na leapa ach níor chuimhin leis aon rud dá ndúirt siad.

Bhí fonn air éirí. Bhí pian mhaol ina chloigeann, ceart go leor. B'fhearr dó gan corraí. Lean sé air ag stánadh ar an gcrúiscín álainn odharbhuí faoi sholas na gréine. Fuair sé boladh anraith sicín.

Ansin go tobann, tháinig cuimhne na huafaireachta ar ais chuige: an marú, an rásaíocht chun an chósta, an mhargáil le lucht an bháid. Agus ansin súile saifíre Joan agus an phóg éadrom a bhronn sí ar a leiceann ag imeacht dó. Agus an bád agus an gliondar a bhí air go raibh sé ag seoladh sa deireadh, go raibh sé tar éis teacht tríd, éalú as an gcaismirt ghránna ar fad, go raibh sé ar an bhfarraige, slán. Agus an tuirse mhór a ghabh é ar an bpointe agus é ag síneadh siar ar an seas caol tosaigh, an brat os a chionn, a fhrainse dílis faoina smig. Luascadh réidh an bháid faoina cholainn traochta, agus iad ag seoladh amach chun farraige. D'éirigh leis.

Ach cá raibh a thriall? Cinnte: ag seoladh chun na hOstainne a bhí sé. Arbh í seo an Ostainn, mar sin? Cé chomh fada is a bhí sé ina chodladh? Cad as don phian mhaol seo ar thaobh a chloiginn?

Ní raibh an bád ag luascadh níos mó ach í ag tuairteáil anonn is anall. Chlis sé as a chodladh. Gaoth láidir agus fir an bháid ag screadach. Suigh síos, suigh síos. Ansin: tada.

An Litir. Phreab sé aniar sa leaba. Tháinig pian agus mearbhall air in éineacht. Chuir sé lámh le taobh a chloiginn. B'éigean dó luí siar ar na piliúir arís. Chuir sé lámh faoina bhrollach. Bonn Isabelle. Isabelle a bhain le saol eile anois, oiread sin ama agus mílte farraige siar. Isabelle ionúin. An Litir. Cá raibh an Litir?

Tóg bog é, ar seisean leis féin. Smaoinigh. Stróiceadh an póca línéadaigh a raibh an litir ann. Ba chuimhin leis sin, le linn na troda. Ar an ábhar sin, chuir sé an litir agus an póca stróicthe isteach sa phóca taobh istigh dá sheaicéad. Cá raibh a sheaicéad?

Go mall réidh, chuir sé a uillinneacha faoi agus dhírigh é féin níos fearr sa leaba. Bhreathnaigh sé thart sa seomra. Seomra fairsing go leor a bhí ann, é geal le solas na gréine ón bhfuinneog ar a thaobh deas, agus an solas sin ag soilsiú an dorais oscailte trasna ó bhun na leapa. Bhí duine éigin tar éis comhla na fuinneoige bige a chur siar. Cén chaoi nach raibh air ach léine? Cé a chuir a luí é? Ní fhaca sé a sheaicéad. Ansin luigh a shúil ar chathaoir dhíreach in aice an dorais. Bhí an chuma air go raibh a chuid éadaí leagtha uirthi, a bhrat, agus go raibh a sheaicéad crochta thar a droim.

Leag sé lámh ar éadaí na leapa lena gcur siar, an bhraillín bhán, an phluid olla, an chuilt throm dhúdhearg. Bhí sé ar tí a chos dheas a bhogadh amach nuair a dorchaíodh an doras. Bhí an bhean bheag

mheánaosta ina seasamh ann, caipín ard bán ar a cloigeann agus seál dúghorm thar a guaillí, an dá bhinn tarraingthe crosach trasna a brollaigh. Ba chuimhin leis gurb í seo an bhean a chonaic sé roimhe le solas fáideoige. Tortóg bheag dhubh a bhí inti. Beomhar géar. Tháinig sí isteach sa seomra.

‘Go mbeannaí Dia dhuit ar maidin,’ ar sise i bhFraincis shoiléir a raibh tuin bheag uirthi. ‘Maith liom go bhfuil tú i do dhúiseacht.’

An glór céanna a chuala sé ar ball. Bhí sí ag fáiltiú ar ais roimhe, cibé áit i ríocht an tsuain a raibh sé.

‘Bhíos i mo chodladh?’ ar sé i bhFraincis a bhí chomh sothuigte céanna, bhí súil aige.

‘Bhí tú i do chodladh, a fhir óig. Dhá lá, dhá lá go leith. Trí lá. Tá Fraincis agat. Cad as duit?’

Ansin d’iompaigh sí i dtreo an dorais gan fanacht le freagra agus lig béic aisti.

‘Madorite! Il púisin.’

Tháinig sí ar ais chuig an leaba agus labhair de ghlór íseal.

‘Féadfaimid an reicneáil a shocrú ar ball. Tá airgead agat? Thug na mairnéalaigh dóthain dom i gcomhair oíche amháin. Dúirt siad go n-íocfása an chuid eile.’

‘Tá,’ arsa Lúcas go híseal agus súil aige go raibh. ‘Íocfaidh.’

‘Go maith. Tá gach rud i gceart mar sin. Fanfaidh tú againn. An rud is tábhachtaí anois go dtiocfaidh tú chugat féin.’

‘Bhae, sé mí.’

Bhreathnaigh Lúcas i dtreo an dorais agus chonaic an cailín óg ag teacht isteach, babhla cré in éadach geal idir a dhá lámh, gal ag éirí de agus spúnóg adhmaid ag gobadh aníos as.

‘Vleam teit, min cúí vian,’ ar sise go hard.

Leag sí an babhla ar an bpluid os comhair Lúcáis.

‘Sea vea mí sat,’ ar sise go gealgháireach forránach.

‘Madorite!’ arsa a máthair á ceartú go séimh. ‘Dúismin.’

Fuair sé an boladh sicín go láidir anois. Bhí ocras air. Labhair an mháthair le Lúcas.

‘Minsé. Ith é sin. Déanfaidh sé maith duit. Agus ná bac le Madorite. Bíonn sí callánach mar sin nuair a bhíonn daoine ag fanacht againn.’

Thóg sé an spúnóg. Bhí an t-anraith te. Bhlais sé súmóg de go faichilleach. Má bhí sé te bhí sé inite. Bhain sé sásamh as an méithe

agus an maitheas. Bhí an cailín óg ag faire air, a haghaidh chruinn phlucach agus a caincín beag sróine dírithe air.

‘Eidiú cuvos reitheastae,’ ar sise agus ansin d’aistrigh sí go sciobtha go Fraincis é. ‘Cad as duit?’

‘Madorite!’ arsa a máthair go leath-mhíshásta.

Ba bhean óg ar bheagán cuibhis í Madorite.

‘Éire,’ arsa Lúcas; ‘Írlande’ a dúirt sé sa Fhraincis.

‘Hollande,’ arsa an mháthair agus iontas uirthi.

‘Is Ollóineach thú?’ arsa an iníon agus iontas uirthise freisin.

‘Ní hea. L’Írlande.’

Ach ní raibh aon eolas ag ceachtar den bheirt bhan air sin.

‘Lalande,’ arsa Madorite. ‘Ceil cafúnaet.’

Bhreachnaigh an mháthair go géar uirthi arís.

‘Cá bhfuil mé?’ arsa Lúcas, go lag.

Leag sé an spúnóg isteach san anraith arís.

‘La Lande!’ arsa Madorite.

Níor thug bean an tí aon aird ar cheist Lúcaís ach dhírigh ar Mhadorite go míshásta.

‘Leor sin anois, a Madorite,’ ar sise.

Rug sí ar rí an chailín agus dúirt rud éigin léi ina teanga féin.

‘Labhróimid arís,’ ar sise le Lúcas.

Threoraigh sí an cailín amach as an seomra. ‘Ligimis don fhear óg a anraith a ithe go ciúin,’ ar sise go hard sa Fhraincis.

Nuair a bhí sí ar tí dul amach leis an iníon chas sí thart sa doras.

‘Fanfaidh tú linn. Tá fáilte romhat. Seachtain, coicís más gá.’

Sa chiúnas a lean a n-imeacht, dar leis gur airigh sé mar a bheadh garda ag casadh eochrach i nglas cillín phríosúin. Ach níor theastaigh uaidh smaoineamh air sin ag an bpointe sin. Bhí an t-anraith níos fuaire anois. Leag sé uaidh an spúnóg, chuir an babhla ar a chloigeann, agus shlog sé siar a raibh fágtha. Chuaigh a mhéithe agus a theolaíocht trína cholainn uile. Rinne sé maith dó.

Chuir sé an spúnóg ar ais sa bhbabhla agus shocraigh iad i leataobh ar an gcuilt. Chuimil a bheola leis an gceirt bheag agus chuir í sin i leataobh freisin. Ansin, chuir sé éadaí na leapa siar agus bhog a chosa amach thar chorr na leapa. Shuigh sé suas go díreach ach bhí an leaba chomh hard sin nár theagmhaigh a chosa leis an urlár. Samhlaíodh dó na cláir leathana dorcha a bheith an-fhada síos uaidh. D’airigh sé

ré roithleagán ina chloigeann. Ghlac sé sos agus a chosa ar crochadh anuas le taobh na leapa.

Bhí a sheaicéad á ghriogadh ar an taobh eile den seomra. Ach ghlac sé stuaim: bhí an litir ann nó ní raibh sí ann; ní dhéanfadh cúpla nóiméad aon difear; agus mura raibh sí ann, theastódh a raibh aige de shláinte agus de mheabhair is d'anraith sicín, lena oibriú amach a raibh tar éis titim amach. D'fhan sé nóiméad eile. Ansin, chuir sé na braillíní siar ar fad agus sheas síos ar an urlár. D'airigh sé fuacht na gclár dorcha faoina throithe nochta agus aer úr na maidine faoina ghlúine. Agus rud nach raibh tugtha faoi deara cheana aige: boladh na farraige ón bhfuinneog oscailte.

Bhí sé beagán lag. Bhí a chloigeann éadrom. Bhreathnaigh sé uaidh i dtreo na cathaoireach a raibh a sheaicéad liathghlas crochta uirthi. Ní raibh ach an scaladh is lú gréine ar ursa an dorais oscailte anois. Bhain sé taca as colbha na leapa agus thóg cúpla coiscéim go faichilleach i dtreo na cathaoireach. Chuala sé scréach faoileáin tríd an bhfuinneog oscailte. Ghoin a aire é: bhí corrbhéic agus glórtha daoine le cloisteáil freisin. Cén áit sa diabhal a raibh sé? Ab í seo an Ostainn, dáiríre; agus Francís á labhairt ann? Ach níor bhac sé le dul go dtí an fhuinneog bheag ach choinnigh air ag scuabáil go mall ciúin timpeall na leapa.

Rug sé ar an gcruinneán beag adhmaid ar phost íseal bhun na leapa. Bhreathnaigh sé ar an spás cúpla slat idir é agus an chathaoir. Bhreathnaigh sé ar an seaicéad de bhréidín glas. Bhí an brat agus a bhríste fillte thar shuíochán na cathaoireach. Bhí a bhataisí fúithi agus a mhála ar an urlár in aice leo. Ní raibh aon rian dá chlaíomh, La Guarda, in aon áit.

Bhí a chloigeann ag glanadh. Má bhí. Bhí staighre sa teach. An raibh duine éigin ag teacht aníos an staighre, cibé áit a raibh an staighre? An raibh duine éigin lasmuigh den doras, seans? D'fhan sé socair, ag éisteacht. Bhí sé cinnte nach raibh. Cé na glórtha a chuala sé lasmuigh ar an tsráid? Scaoil sé a ghreim ar an bpost agus shiúil an cúpla coiscéim go dtí an chathaoir. Leag sé a lámh dheas ar ghualainn an tseaicéid agus chuir méara na láimhe clé isteach díreach sa phóca taobh istigh.

Bhí an póca línéadaigh ann. D'airigh sé faoi bharr a mhéar é. Agus ba chosúil ón righneas go raibh an litir istigh ann. Tháinig fáthadh

beag gáire ar a bhéal. Tharraing sé an póca amach, dhírigh é féin agus thóg an litir amach as an bpóca. Is í a bhí ann. Bhí sé ar tí póg a thabhairt di nuair a chonaic an spota donn fola uirthi gar don fhocal ‘Tironi’. D’iompaigh sé í agus chonaic séala leathfhada taibhseach dearg Ard-Easpag Thuama, ‘Sigilla Florentii Tuamensis.’ Bhí a chroí is a anam sa litir seo. Leag sé anuas go faichilleach í ar an mburla éadaí ar an gcathaoir.

Chrom sé go dtí an mála. D’oscail sé é. Bhí an chuma air go raibh gach rud ann díreach mar a bhí agus nár baineadh leis — a chuid éadaí, léinte, brístí, lámhainní, Leabhar na mBrianach, paidrín agus litir an tSionnaigh fiú. Bhí gach rud aige, mar sin, seaicéad, duibléid. Dhún sé an mála. Bhreathnaigh sé anuas ar a bhuataisí. Chroch iad. Shíl sé go raibh an meáchan ceart iontu. Sheiceálfadh sé iad ar ball: d’fhéachfadh cé mhéad airgid a bhí fanta i bhfolach sna sála aige. Bhí sé ag aireachtáil níos fearr cheana féin, ach fós lag.

An nóiméad sin díreach amhail is gur fhreagairt ar ghliondar a chroí é chuala sé clog á bhaint áit éigin lasmuigh; buillí leanúnacha muiníneacha. Bhí sé i mbaile éigin a raibh eaglais ann. Bhí na daoine á nglaoch — chun an aifrinn, b’fhéidir. Más amhlaidh a bhí, b’iontach go deo an tsaoirse a chomharthaigh sé sin dó.

Taobh istigh den teach, ní raibh aon fhuaim le cloisteáil. Ach lean an clog air ag bualadh taobh amuigh, agus chuala sé an monuar ón tsráid aníos — más sráid a bhí ann. Thóg sé an litir den chathaoir. Agus an litir ina lámh chuaigh sé go mall go dtí an fhuinneog. D’airigh sé boladh na farraige arís agus boladh na feamainne, mar a shíl sé. Stop an clog ag bualadh agus chuala sé glórtha na bhfaoileán go soiléir: iu iu iu iu iu iu. Leag sé a huillinneacha ar an leac bheag cloiche agus d’airigh an t-aer fuar ar a leicne. D’fhéach sé síos. Ar an gcéad urlár a bhí sé, i dteach i mbéal cé cloiche. Bhí beagán daoine ag siúl suas an tsráid idir teach agus cé. I dtreo na lámhe deise a bhí siad ag siúl, mná i seálta dorcha agus caipíní bána; bríste ar na fir a raibh mar a bheadh sciorta bán thart ar an mbásta orthu agus caipín fada olla ar a gceann. Bhí dathanna a gcuid éadaí geal agus glan. Chonaic sé paidrín mór dubh ag sileadh as lámh seanmhná amháin agus í ag dul thar bráid thíos. An Domhnach a bhí ann cinnte, agus bhí muintir an bhaile ag dul ar aifreann.

Tháinig gliondar air nár chuimhin leis a bheith air le fada.

Bhreathnaigh sé amach roimhe. B'iontach an radharc a bhí le feiceáil faoi sholas fuar na gréine: bá leathan d'fharraige ghorm. Bhí lán mara ann agus bhí leathdhosaen éigin de bháid le cé, a seolta stríoctha, iad ciúin socair folamh. Bhí cúpla bád beag eile le feiceáil amuigh ar an bhfarraige, seolta cleithe dorcha orthu, iad ag breathnú beag ach fós go maorga faoi sholas ghrian na maidine a bhí ag soilsiú na háite ar fad ón taobh deas agus ag cur loinnreach niamhraí buí in áiteanna ar dhromchla gealghorm na farraige.

Ar an taobh eile den chuan gléghorm téigli bhí talamh íseal le feiceáil agus, idir muir is talamh, aill bhán. Bhí sé in áit álainn aduain. Murab í seo an Ostainn, ba chalafort í agus bhí báid ann. Ansin chuala sé clog na heaglaise á bhaint arís, thuas taobh thiar den teach, ba chosúil, ach ní i ngar dó. Ba bhinn leis í mar fhuaim mar nach seirbhís ghallda a chomharthaigh sí ach aifreann a reiligiúin féin.

Níor mhiste leis tamall a chaitheamh ag breathnú amach ar an radharc agus ar na daoine, ach d'airigh sé mearbhall beag ina chloigeann. Chas sé go faichilleach i dtreo na leapa agus chuaigh go dtí í. Chuir sé an litir faoin bpiliúr. Níor luaithe sin déanta aige ná d'airigh sé gleo beag taobh thiar de. Bhí duine ag teacht isteach sa seomra.

'Scúsae. Pardon. Scúsae.'

Bhí an cailín óg tar éis teacht isteach taobh thiar de. Níor chas Lúcas thart le breathnú uirthi ach dheifrih isteach faoin bpluid. Chuir sé na héadaí leapa thar a chosa nochta agus tharraing suas faoina smig iad.

Labhair an cailín go mall cúramach sa Fhraincis agus gáire beag leanbaí ar a béal i rith an ama.

'Theastaigh ó mo mháthair a fháil amach ar mhaith leat rud ar bith eile. Arán, abair. Sula dtéimid ar aifreann.'

'Bheadh ruainne aráin go deas,' arsa Lúcas. 'Ach fanfaidh mé go dtiocfaidh sibh ar ais.'

'Deir mo mháthair go mbeidh tú ag fanacht linn tamall fada.'

Thóg sé soicind ar Lúcas a thuiscint nach ag caint faoin arán a bhí sí nó faoin achar a bheadh siad ar an aifreann.

'Arán, mar sin,' arsa an cailín agus í ag stánadh anuas air go dalba dothuisceanach agus gan aon fhonn imeachta uirthi, ba chosúil.

'Dúradh linn gur "Luc" atá ort.'

‘Sin é m’ainm, ceart go leor.’
Thosaigh sí ag gáire.
‘As La Lande. Luc de la Lande.’
‘Irlande,’ arsa Luc.

Ní raibh an chuma air gur thuig sí. Ba chuma leis. D’airigh sé lag ann féin, arís. Ach ní raibh sé ag iarraidh a bheith drochbhéasach.

‘Agus cén t-ainm atá ortsa?’

‘Madorite,’ arsa an cailín agus ba léir go raibh sí an-sásta gurb in ab ainm di agus go raibh Lúcas tar éis é a iarraidh uirthi.

‘Abair liom, a Madorite, cá bhfuil mé?’

‘Ea,’ arsa an cailín le hiontas beoga amhail is gur cheart go mbeadh a fhios aige agus nár thuig sí an cheist.

‘Cén áit í seo?’ arsa Lúcas.

‘Ea,’ arsa Madorite arís agus an t-iontas dalba céanna uirthi. Ansin, go tobann, leathnaigh gáire thar a béal beag cumtha. Thuig sí.

‘Ea,’ ar sise go sásta. ‘Os eit man do ma man.’

Nuair ba léir nár thuig Lúcas a ndúirt í agus go raibh sí tar éis labhairt ina teanga féin, labhair sí arís i bhFraincis.

‘Tá tú i dteach mo mháthar.’

‘Agus cé hí do mháthair?’

Má bhí iontas uirthi faoin gcéad cheist bhí seacht n-oiread iontais uirthi faoin gceist seo. Smaoinigh sí ar feadh soicind.

‘La Veuve Thorel. Tá tú i dteach la Veuve Thorel.’

‘Agus cá bhfuil sé sin?’

D’airigh Lúcas an-aisteach agus na brailíní faoina smig aige agus é ag cur na gceisteanna áiféiseacha seo ar chailín a raibh an chosúlacht uirthi go raibh sí ar an aon aois leis féin. Ach ní cosúil gur shíl Madorite go raibh aon rud mícheart leis sin ach amháin go raibh na ceisteanna féin an-aisteach.

‘Ea,’ ar sise, ‘seo é an áit ar thug na mairnéalaigh tú. Bhí stoirm ann. An é nach cuimhin leat?’

Bhí trua shéimh le haireachtáil sa chaoi ar íslioh sí a glór.

‘Á, páf cóc. D’éirigh stoirm. Stoirm uafásach. Sheas tusa agus bhuaíl an bíoma sa chloigeann thú. Ná habair nach cuimhin leat. B’éigean daoibh teacht i dtír anseo. Chonaic sibh spuaic na heaglaise ón bhfarraige. Agus an fú. An foyer. Nó chuala sibh an clog ag bualadh. Le linn stoirme. Buailtear an clog. Ó, la messe. An tAifreann. Beimid

déanach don aifreann. Tá an clog stoptha ag bualadh le fada fada.’

Bhí sí ar tí rith go dtí an doras nuair a labhair Lúcas arís.

‘Bhíomar ag dul go hOstende.’

‘Ostende? Ní hea. Anseo. Anseo a d’fhág siad tú. Anseo againne. Shíleamar ar dtús go raibh fiabhras ort. Ní ghlacfaimis leat dá mbeadh fiabhras ort. Ach dúirt siad nach raibh aon fhiabhras ort. Gur bhuail tú do chloigeann. D’ísligh sí a glór arís. Páf cócó. Saetat fain aimitiu. Ach ní chomh lách leatsa.’

Rinne sí gáire leanbaí sástachta. Bhí sí tar éis dearmad a dhéanamh ar an aifreann arís. Ansin chuala siad beirt a máthair ag glooch uirthi de ghlór ard ó áit éigin thíos staighre.

‘Madorite! Madorite!’

Go tobann tháinig cotadh uirthi.

‘Madorite!’ a scread an mháthair arís. ‘La Messe.’

Bhí an glór níos gaire dóibh. Bhí an mháthair ag teacht aníos staighre. Tháinig dreach míshásta ar aghaidh an chailín. Ansin láithrigh an mháthair sa doras.

‘Madorite. Fág an fear óg as féin. Caithfidh muid dul ar aifreann. An bhfuair tú amach an raibh aon rud uaidh?’

Nó b’ in a shíl Lúcas a dúirt sí mar níor thuig sé teanga na háite.

‘Arán. Tabharfaidh mise dó é.’

‘Ní thabharfaidh tú. Tá tusa ag teacht ar aifreann liomsa.’

Labhair Lúcas ón leaba leis an mháthair a bhí tar éis teacht isteach lena hiníon a thabhairt amach.

‘Gabh mo leithscéal, a bhean uasal. Cén áit go baileach a bhfuil mé?’

‘Ea, vous êtes chez la Veuve Thorel, chez moi.’

Leathnaigh gáire thar a béal.

‘Tabharfaidh muidne aire duit. Ná bíodh aon fhaitíos ort. Bhí faitíos orainn ar dtús go raibh an phlá ort. Bhí plá an-dona anseo os cionn deich mbliana ó shin. Dia idir sin agus an anachain.’

Ghearr sí comhartha na croise uirthi féin.

‘Ach rinneamar uile an oilithreacht go Saint Laurent. Ghléasamar ar fad in éadaí bána. Dúramar an phaidir: Amendons nous. Amendons nous. Táinig muid slán le cúnaimh Dé agus Saint Laurent. Ach nuair a chonaiceamar na fir do d’iompar amach as an mbád i dtreo an tí bhuail faitíos muid. Drochbhuille de bhíoma a leag amach tú, a dúirt

siad. Mhóidigh siad nach raibh aon fhiabhras ort. Rinneamar an rud Críostaí. Agus tá tú linn anois.'

Bhí an mháthair anois ag casadh i dtreo an dorais.

'Ach an baile seo, cén t-ainm atá ar an mbaile seo?'

'Ea,' arsa an Bhaintreach Thorel. 'Le Tréport. Tá tú i Le Tréport,' ar sise go bródúil. 'Le Tréport. Anois gheobhaidh muid an t-arán sin duit ach caithfidh sé fanacht go mbeimid ar ais ón aifreann.'

Leis sin, chuaigh sí chuig an doras agus í ag brú Mhadorite roimpi.

'Le Tréport,' ar sise, 'ar chósta na Normainne.'

D'imigh sí amach.

'Ead súibít,' arsa Madorite ón bpasáiste amuigh.

2

An Dualtach Mac Fhirbhisigh chuig Seán Luínseach

Beatha agus Sláinte agus mo bheannacht chugat, a Sheáin, agus gabhaim mo mhíle leithscéal leat mar gheall ar an moill fhada leis an mbeart deireanach seo d'eachtraí Lúcaís a chur chugat. Is é fírinne an scéil go bhfuilim bogtha go Baile Átha Cliath. Dá fhad an doineann tagann a mhalairt. Tá an Diúc ar ais in Éirinn le dhá bhliain anois, mar is eol duit. Is éasca mar a imíonn an t-am. Is dócha gur chuala tú gur chan siad 'Thugamar féin an samhradh linn' ar theacht i dtír i mBaile Átha Cliath dó. Níl aon insint ar an léirscríos a rinneadh ar an tír uile sna blianta deireanacha sin agus a liacht sin dár ndaoine maithe a cuireadh chun báis agus an chuid eile beo bocht ina ndiaidh, agus ar éigean áit adhlactha ag an gcéadú duine d'uaisle Gael inniu. Ach dá fhad muid ag fulaingt agus dá uafásaí an réabadh, an léirscríos, a rinneadh orainn, cá bhfios nach dtiocfaidh biseach éigin agus súil leis i mbliain seo ár dtiarna 1665.

Dá chomhartha sin, chuir an duine uasail agus an scoláire oirirc, Sior Séamas Ware, fios go Baile Átha Cliath orm. Go bhfága Dia an tsláinte aige, táim ina sheirbhís anois ag cabhrú leis le lámhscríbhinní Gaeilge. Tá seomra beag cluthar agam anseo i Lána Mhic Cóil, díreach lasmuigh de bhallaí an Chaisleáin. Táim sásta. An rud is annamh is iontach, ní hamháin go bhfuil leabharlann fhairsing Sior